Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Réamhrá**

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear an drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), ar an ealaín agus ar an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna.

Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil. Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe substaintiúil a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

**(i) (a) 40 marc ex 20 (10, 10)/20 (10, 10). Dhá phointe fhorbartha faoi gach óráid.**

Bhí Cléón, a bhí freagrach as an mbunrún chun muintir Mhitiléiné a mharú a chur ar aghaidh, an-fhoréigneach ina óráid agus bhí tionchar ag a chuid cainte freisin. Bhí siad seo a leanas i measc na n-argóintí a bhí aige: ní féidir leis an daonlathas daoine eile a rialú; is cineál laige é atrua; braitheann ceannasaíocht ar neart agus ní ar dhea-mhéin; déanfaidh comhghuaillithe a ndícheall teacht saor as rud ar bith má léirítear laige; caithfear a bheith comhsheasmhach agus dlíthe á gcur i bhfeidhm agus caithfear beart díoltais a dhéanamh láithreach; stopaigí ag éisteacht le hóráidí maisiúla agus coinnígí mothúcháin bhreátha le haghaidh cairde seachas le haghaidh naimhde; rinne muintir Mhitiléine gníomh beartaithe forrántachta, d'éirigh siad santach agus díomasach de bharr gur chaitheamar leo chomh maith sin; caithfimid an dlí a chur orthu ionas nach ndéanfaidh comhghuaillithe eile drochghníomh; mura bhfuil sibh sásta cinntí crua a dhéanamh, ba cheart daoibh an impireacht a thabhairt suas.

Bhí siad seo a leanas i measc argóintí Dhiódatas ina aghaidh: is ríthábhachtach an plé maidir le cinntí móra, is é is cuspóir le díospóireacht an ceart a bhunú; ní hé an pionós báis an cinneadh ceart don Aithin siocair gur soiléir nach díspreagadh é; d'fhéadfaimis reibiliúnaigh fhéideartha a fhágáil gan dóchas agus ní éistfidh siad le réasún dá bharr, toisc nach bhfuil faic le cailleadh acu; is é an t-aon dóigh le héirí amach a chosc ná caitheamh go cothrom le daoine; ba cheart dúinn a laghad foréigin a úsáid agus is féidir; chruthódh sibh go bhfuil na hOlagarcaigh ceart trí mhuintir Mhitiléiné a mharú; cuirigí na fir atá ciontach faoi thriail ach ná maraígí iad siúd atá neamhchiontach; bíonn an eagla is mó roimh roimh dhaoine críonna ar a gcuid naimhdí i gcónaí.

**(b) Dealramh as 10 marc**

Vótáil tromlach beag ar son argóint Dhiódatas agus cuireadh an dara long amach; tháinig sé i dtír díreach in am le cosc a chur ar shléacht mhuintir Mhitiléiné.

**(ii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12. Tá 'plé' ag teastáil sa cheist seo. Ní mór d'iarrthóir dul i ngleic leis an ngné sin den cheist chun marcanna iomlána a fháil.**

Is é an príomhphointe anseo ná straitéis Pheiricléas maidir le dul i mbun troda i gcogadh talún tríd an bhfarraige. Ba é príomhchumhacht na nAithneach a gcabhlach agus chreid siad go raibh siad ábalta bac a chur le muintir Sparta agus fiú ionsaí an-rathúil a dhéanamh ar a gcríoch ón talamh. Chiallaigh sé freisin nach mbeidís gann ar sholáthairtí iad féin. Bhí siad in ann Pireaus a bhaint amach i rith an ama de thoradh na mBallaí Fada. Sampla maith í an eachtra maidir le Pulas agus Sfaictéiria den dóigh ar thug an cabhlach buntáiste don Aithin ar Sparta (níor mhuintir iad a bhí róláidir ar muir); bhí siad go mór chun tosaigh ar mhuintir Sparta de thoradh ghabháil na bpríosúnach ansin. Féadtar an úsáid a bhaint na Corantaigh agus muintir Shioracúis as cumhacht chabhlaigh a lua freisin. Ar deireadh, d'éirigh le Sparta an Aithin a chloí a bhuíochas le cúnamh ó chumhacht chabhlaigh na bPeirseach amháin – cuireann sé seo in iúl a thábhachtaí a bhí cumhacht chabhlaigh sa chogadh.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12. Tá 'plé' ag teastáil sa cheist seo. Ní mór d'iarrthóir dul i ngleic leis an ngné sin den cheist chun marcanna iomlána a fháil.**

Is é an príomhghné nach mór don iarrthóir dul i ngleic léi anseo ná plé a dhéanamh ar uaillmhian mhíshocair gan smacht Alcaibiaidéis, seachas scéal a scríobh faoi shaol Alcaibiaidéis. Is é an príomhthéama ná nádúr meonúil an fhir nach bhféadfaí brath air agus an dóigh nach bhfuil suim ar bith aige in aon rud ach a leas féin, gan aon dílseacht a léiriú do dhuine ar bith. Tá siad seo a leanas i measc na bpointí a d'fhéadfaí a chur san áireamh:

An dóigh ar ghnóthaigh sé barraíocht chumhachta agus tionchair nuair a bhí sé an-óg; an dóigh ar thréig sé ceangal a theaghlaigh le Sparta go gasta de bharr tarcaisne mheabhairbhraite; an dóigh ar chuir sé dallamullóg ar theachtaí Sparta; óráid Nicias a rinne cur síos air mar dhuine leithleach taibhseach agus "go gcuirfeadh sé an Stát i mbaol ionas go mbeadh saol den scoth aige féin"; thosaigh sé ag scanrú daoine toisc gur chosúil nach raibh sé go hiomlán aige féin agus gur chosúil go raibh sé sa tóir ar dheachtóireacht; bhain sé leas as a chuid airgid ar mhaithe leis an nglóirmhian trí fhoirne carbaid ag na Cluichí Oilimpeacha agus tríd an urraíocht ar chóir; mhionnaigh sé nach raibh baint aige le scriosadh na Hermai, ach sháraigh fiántas a shaoil phríobháidigh é i ndeireadh na dála agus daoradh chun báis é ina neamhláithreacht; a fhealladh náireach i dtaca le Sparta agus an iarracht a rinne sé fealladh ar a chathair féin; chuaigh sé faoi dhídean le Tissaphernes, áit ar thriail sé dochar a dhéanamh do Sparta agus an iarracht a rinne sé ní b'fhaide anonn an daonlathas a threascairt trí shochar a bhaint as an arm ag Samas, agus dul ar ais go dtí an Aithin. Is cinnte go raibh féith na cainte ann toisc gur ghlac an dúrud daoine lena mhalartuithe iontacha dílseachta. Eochairphointe is ea an meascán de shármhaitheas agus d'uaillmhian sa mhullach ar easpa mór comhsheasmhachta.

**(iv) (a) 30 marc. Trí chúis: 10, 10, 10.**

Seo a leanas na cúiseanna a thug Túicídidéas:

Ba é an cogadh ba mhó roimhe sin ná Cogadh na Peirse, ach réitíodh an cogadh sin le dhá chath cabhlaigh agus dhá chath talún. Mhair Cogadh na Peilipinéise i bhfad ní b'fhaide ná sin, áfach, agus bhí sé ina ábhar le fulaingt mhillteanach do Hellas nach bhfacthas riamh roimhe sin.

Níor gabhadh ná níor scriosadh an oiread sin cathracha riamh roimhe sin, níor cuireadh an oiread sin daoine ar deoraíocht ná níor maraíodh an oiread sin daoine.

Bhí na seanscéalta a ceapadh a bhí ina scéalta áibhéalta roimhe sin ina scéalta féideartha anois. Bhuail mórán creathanna talún, ní ba mhó uruithe agus triomaigh, gortaí agus ar ndóigh an phlá a mhill ní ba mhó beatha ná rud ar bith eile beagnach.

**(b)20 marc. Dhá phointe fhorbartha: 10, 10. Ní mór do na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis ó dhearcadh Thúicídidéis nó óna ndearcadh féin.**

D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú leis trí úsáid a bhaint as na paraiméadair a ghabhann le hargóint Thúicídidéis agus tuilleadh a scríobh faoi ollacht na gcathanna agus faoi imeachtaí eile den Chogadh. Ghlacfaí le hargóint i gcoinne an ráitis freisin ach úsáid a bhaint as samplaí cogaíochta na linne seo.

**Topaic 2. Alastar Mór.**

**(i) (a) 20 marc. Míniú ar thrí shampla: 7, 7, 6.**

Is iad an dá phríomhghné nach mór cur síos a dhéanamh orthu ná feisteas Peirseach a tharraingt chuige féin agus an iarracht a rinne sé *proskynesis* a thabhairt isteach i measc na Macadónach. I measc na bpointí bailí eile bheadh a phionóis iomarcacha (e.g. Bessus); na bainiseacha rabairneacha Peirseacha ag Súsa; só agus rabairne ag dul i méad i rith an ama; agus imeascadh trúpaí Peirseacha i struchtúir orduithe an airm (go háirithe ceapachán 30,000 *epigoni*).

**(b) Trí phointe fhorbartha: 10, 10, 10.**

Baineann dhá phríomhimeacht le hábhar anseo: is é an chéad cheann an scéal faoin gcaoi ar chuir Callastainéas i gcoinne thabhairt isteach *proskynesis* agus Plota Pages a bhí bainteach leis sin. Is é an dara ceann an cheannairc ag Opis, áit ar dhiúltaigh na Macadónaigh dul abhaile agus iad ionadaithe leis na Peirsigh i gcion Alastair.

Déanann Cléiteas tagairt do nósanna nua Alastair san easaontú leis an rí, rud ba chúis lena bhás.
Níor thaitin sé seo leis na Macadónaigh i dtús báire, ach níor chuir siad ina aghaidh mar sin féin.

**(ii) (a) 15 mharc. Dhá chúis: 8, 7.**

A láthair gheografach – oileán leathmhíle amach ón gcósta ar a raibh ballaí ollmhóra agus cabhlach láidir. Dhíscoir Alastar a chabhlach agus é sa tóir ar a pholasaí cósta. Sa mhullach air sin, bhí bunadh na cathrach meáite ar an áit a chosaint agus gan géilleadh d'aon duine agus daoine seiftiúla a bhí iontu freisin.

**(b) 25 marc. Trí phointe fhorbartha: 9, 8, 8.**

An muirmhúr a thógáil (faoi dhó), le túr léigir; longa a fháil ón gCipir agus ó Shiodón; slabhraí a chur in ionad rópaí sna longa; bolláin a bhogadh faoin uisce; longa ar a raibh dréimirí léigir faoi cheangal; ionsaí ó mhórán taobhanna.

**(c) 10 marc. Dhá ghné de charachtar Alastair: 5, 5**

Ní mór an léigear agus an ghabháil a chuimsiú anseo. Piseog (brionglóid ina bhfuil Earcail); diongbháilteacht; féinmhuinín; seiftiúlacht agus straitéisí glice míleata; freagairt thapa (e.g. ionsaí gan choinne ar an gcuan); sithiúlacht agus an cumas aige a fhir a spreagadh (atógáil an mhuirmhúir); neamhthrócaire (an chaoi ar chaith sé le bunadh na cathrach). An trócaire a léirigh sé do dhaoine áirithe.

**(iii) (a) Dealramh as 25 marc.**

Is é cuntas Phlútarc ar an eachtra seo an leagan táblóideach is gáifí. Sonraítear féile dí ann, cuireann an chúirtéiseánach Thais ina luí ar Alastar an pálás a dhó. Cuntas gearr ar an méid a dúirt sí ina hóráid; fuair sí luach saothair as an gcruatan a bhain leis an bhfánaíocht ar fud na hÁise trí shaol an mhadra bháin a bheith aici i bpálás na bPeirseach. B'fhearr i bhfad a bheadh sé, áfach, dá gcuirfí deireadh leis an

gcóisir trína cur trí thine. Dhreasaigh compánaigh Alastair é. Phioc sé suas splanc thine agus lean na Macadónaigh é, thug siad cabhair dó chun an pálás a dhó. Rinne sé aithrí go tapa ina dhiaidh sin agus d'ordaigh sé an tine a mhúchadh.

**(b) 15 mharc. Dhá phointe fhorbartha: 8, 7.**

Tá cuntas Airrianas difriúil go maith. Tá sé níos giorra. Deirtear ann (in aghaidh chomhairle Phairméinión, a chuir in iúl dó go raibh sé ag dó a réadmhaoine féin), gur chinn Alastar, mar phíosa straitéise, an pálás i bPeirséapoil a dhó. Rinne sé an gníomh seo chun díoltas a bhaint amach as scrios na hAithne. Cáineann Airrianas an gníomh seo mar dhrochpholasaí. Gníomh tobann a bhí ann dar le Plútarc.

**(c) 10 marc. 7, 3. Tá tuairim agus 'cúiseanna' ag teastáil sa cheist seo – ní mór tagairt a dhéanamh don dá théacs chun marcanna iomlána a fháil.**

Féadfaidh na hiarrthóirí ceachtar den dá théacs a roghnú, chomh fada agus a thacaíonn siad lena dtuairim trí fhaisnéis chomhthéacsúil, e.g. samplaí eile d'iompraíocht Alastair nó samplaí eile ó stíl scríofa Phlútarc agus Airrianas a thugann a n-iontaofacht le fios (nó a mhalairt).

**(ii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12. Iarrtar sa cheist seo ar na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do na 'téacsanna' agus beidh sé sin ag teastáil chun marcanna iomlána a fháil. Ní gá an méid céanna tagartha a dhéanamh don dá théacs, áfach.**
**Beifear ag súil leis go rachaidh iarrthóirí i ngleic leis an ngné sin den cheist a deir 'dar leat' chun marcanna iomlána a fháil.**
Ceist leathan í seo agus féadfaidh na hiarrthóirí teorainn a chur le líon na samplaí a thugann siad maidir lena ardchumas míleata. Is leor ceithre cháilíocht, arna bhforbairt agus arna dtacú le samplaí. Féadfaidh na hiarrthóirí liosta níos faide a thabhairt freisin ina ndéantar níos lú forbartha, chun marcanna arda a fháil – teastaíonn samplaí mar thacaíocht sna cásanna seo freisin. Tá siad seo a leanas i measc na samplaí: straitéis – a leagan amach agus a oirbheartaíocht chliste i nGágaiméala nó an úsáid a bhain sé as marcra ag Abhainn Hiodaispéas; diongbháilteacht – gabháil chathair na Tuíre; nuálaí – a chuid oirbheartaíochta in éadan mhuintir na Tráicia (iarraidh ar a fhir luí síos faoi na cairteacha) nó an scafalra a thóg sé chun Carraig Aornos a bhaint amach; crógacht phearsanta – léigear Mallach; caidreamh lena fhir agus spreagadh dá fhir – an óráid a thug sé roimh Chath Isis agus an dóigh a bhfuil siad trína chéile nuair a cheapann siad go bhfuil sé marbh tar éis léigear na Mallach; cumas aige chun earraíocht a bhaint as coinníollacha geografacha agus aimsire – úsáid a bhaint as an sruth in Abhainn Granicus agus ag dul trasna Abhainn Hiodaispéas. Straitéisí maith; an polasaí cósta. An cinneadh a rinne sé maidir le limistéir fhéideartha thrioblóide sa Ghréig a dhaingniú sula dtugann sé aghaidh ar a bhfeachtas san Áise.

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

**(i) (a) 20 marc. Trí cháilíocht: 7, 7, 6.**

Tosaíocht na ngníomhartha in aghaidh na mbriathra; cothú na moráltachta maithe sa bhaile agus i gcath; meas ar na déithe; agus "dalbacht sa chogaíocht agus ceartas tráth na síochána."

**(b)30 marc. Trí phointe fhorbartha: 10, 10, 10.**

Cuireann sé an milleán ar na huaisle, go háirithe Sulla agus an bhaint a bhí aige le sladaíocht agus cruálacht, saint agus tóraíocht cumhachta. Deir sé gur eascair mínós, feall agus faillí sna déithe as an drúis le haghaidh airgid agus cumhachta.

**(ii) (a) 25 marc. Míniú ar thrí phointe: 9, 8, 8.**

Spreagann seasamh crua an tSeanaid an triúr fear aontú lena chéile agus dul i dtóraíocht na cumhachta. Dhiúltaigh siad do Chaesar an ceart a bhí aige fanacht taobh amuigh den chathair (chun a chaithréim a fháil) agus a bheith ceaptha ina chonsal *in absentia*. Chuir siad isteach go mór ar Phoimpéas i dtaca lena iarrachtaí a arm a shocrú agus a ghabhálacha ón oirthear a dhaingniú. Bhí Crassus in éad le Poimpéas agus bhí dúil mhillteanach aige cumhacht a bhaint amach do féin. Shíl gach duine den triúr fear go bhféadfadh sé earraíocht a bhaint as an mbeirt eile ar mhaithe lena leas féin.

**(b)15 mharc. Míniú ar dhá chúis: 8, 7.**

Chuir básanna Iúilia agus Crassus an scoilt idir Poimpéas agus Caesar chun tosaigh. Bhí an ceangal pearsanta a bhí eatarthu briste anois agus bhí siad seo a leanas i measc na dtosca eile: Bhí Poimpéas in éad leis an rath a bhí ar Chaesar sa Ghaill; iarracht an pháirtí sheanadóiriúil Poimpéas a tharraingt ó Chaesar trí leas a bhaint as an eagla agus as an éad a bhí air agus trí chluain a chur air.

**(c) 10 marc Cuntas gearr.**

Fuair Crassus an tSiria mar an cúige seo aigesean agus bheartaigh sé an Eofrait a thrasnú go díreach isteach sa Phairtia; bhí an-fhonn air forlámhas míleata a ghnóthú. Ní raibh a chuid fear in Carrhae réidh i gcomhair mhodh ionsaithe na Pairtia (marcra ag a raibh boghanna agus saigheada). Níor athraigh Crassus a chuid oirbheartaíochta chun dul in oiriúint don chath agus tar éis iarracht mhírathúil a dhéanamh pairlí a shocrú, maraíodh é i dteannta a chuid fir uile.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha 13, 13, 12, 12, agus pointe amháin ar a laghad faoi gach carachtar. Ní gá do na hiarrthóirí caitheamh go cothrom le Poimpéas agus Caesar ina bhfreagra. Tá plé/tuairim ag teastáil sa cheist seo.**

Bhí Sulla mar dheachtóir na Róimhe nuair a bhí Caesar ina stócach. Bhí sé ag coinneáil súile ar Chaesar de bharr gur nia le Marias é Caesar trí phósadh; bhí Mairias ina mhórnamhaid ag Sulla. Dúirt sé go bhfaca sé 'an iliomad Mairias' i gCaesar. Rinne Sulla iarracht deireadh a chur le pósadh Chaesar agus Cornelia, iníon Cinna, ach dhiúltaigh Caesar óg. Choigistigh Sulla a spré. Mar thoradh ar Eisreachtuithe Shulla, chuaigh Caesar i bhfolach agus b'éigean dó breab dhá thallann a thabhairt do cheann de cheannasaithe Shulla chun ligean dó éalú.

Throid athair Phoimpéas le taobh Shulla i gcoinne Mhairias. Fuair Poimpéas a pholaitíocht agus dílseacht a léigiún le hoidhreacht. Nuair a d'fhill Sulla ón oirthear, chruinnigh Poimpéas trí léigiún mar thacaíocht dó. Nuair a rinneadh

deachtóir de Shulla, phós Poimpéas a iníon (a fuair bás agus í ag breith clainne). Chuir Sulla Poimpéas chun na Sicile agus chun na hAfraice. D'éirigh thar cionn leis agus thug a chuid trúpaí 'impire' air. Nuair a d'fhill sé, dhiúltaigh Sulla caithréim a thabhairt dó; ghéill sé faoi dheireadh agus thug sé 'magnus' air – b'fhéidir go raibh sé seo íorónta. Chuir Poimpéas in iúl do Shulla go n-adhrann níos mó daoine an ghrian aníos ná an ghrian anuas.

**(iv) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha agus tacaíocht ón téacs a léiriú. Ceann amháin ar a laghad ón mbeirt scríbhneoirí: 13, 13, 12, 12.**

Is iad *Beatha Chiceαró* le Plútarc agus *Litir chuig Lúicias* le Ciceαró an dá phríomhfhoinse anseo. Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an tuairim seo, ach is dócha go n-aontóidh siad léi. Léiríonn sé a mhífhoighne sa litir maidir le buanú an mhéid a rinne sé ar son stair na Róimhe, dar leis. Impíonn sé ar Lúicias taifead a choinneáil ar an gcaoi a ndearna sé Comhcheilg Chaitilíne a láimhseáil agus cuireann sé cluain ar a ardéirim. Tugann sé le tuiscint go tréan freisin nár cheart do Lúicias a bheith róbhuartha faoi bheith claonta i dtreo Chiceαró ina chuntas ar na himeachtaí. Nuair a dhéanann sé cur síos ar an eachtra cruthaíonn sé íomhá fhabhrach de féin. Níl náire ar bith air agus é á chur féin chun cinn agus tá a leitheadas agus a fhéintábhacht sách soiléir freisin. Deir Plútarc gur inis Aitheascal Dheilfe do Chiceαró go luath ina ghníomhréim gan a bheith buartha faoi thuairimí an mhórshlua, agus a cháil féin a dhéanamh. Bhí Ciceαró róghafa le tuairimí daoine eile, áfach. Ar a shlí ar ais ón tSicil, bhí an-díomá air nuair a chuala sé nach raibh na scéalta faoina chuid sáréachtaí i mbéal an phobail sa Róimh. Deir Plútarc gur mhinic a chuir an dúil iomarcach a bhí aige sa mholadh isteach ar a bhreithiúnas agus go raibh sé seo ina bhunús le barúlacha conspóideacha uaidh. Déanann sé cur síos ar an tslí ar thug Ciceαró faoi 'líonrú' go hordúil timpeall na Róimhe ionas go mbeadh aithne aige ar chách agus go mbeadh aithne acusan airsean. D'éirigh sé gráiniúil leis na daoine agus é de shíor ag maíomh as féin ina chuid scríbhneoireachta agus ina chuid cainte. Mhaígh sé gurbh é an t-aon fháth a saoradh Munatius ná a shármhaitheas féin agus ba mhinic a rinne sé ionsaí béil ar dhaoine le go mbeadh sé in ann daoine a chur ag gáire. Bhí sé go hiomlán brónach nuair a cuireadh iallach air an Róimh a fhágáil – ar shiúl ón gcáil agus ón rathúnas. Rinne sé maíomh gur bhunaigh sé síocháin sa Chilic an athuair.

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

**(i) (a) 20 marc: Baineann an cheist seo leis na feabhsúcháin aeistéitiúla. Trí shampla ar leith: 7, 7, 6.**

Choimisiúnaigh Ágastas mórán oibreacha poiblí, lenar áiríodh an Fóram athchóirithe, Teampall Mars, Teampall Apalló ar an gCnoc Palaitíneach, Teampall Iúpatair ar Chnoc an Chaipeatóil. In ainm na ndaoine ina theaghlach thóg sé Teampall Earcail agus na mBéithe, Halla na Saoirse, Teampall Shatairn, amharclann agus amfaitéatar freisin. Mhaígh sé go raibh "an Róimh ina cathair bhrící nuair a tháinig sé agus go ndearna sé cathair mharmair dí faoin am a d'fhág sé."

**(b) 15 mharc. Baineann an cheist seo le sábháilteacht na cathrach. Dhá shampla 8, 7.**

Roinn sé an chathair ina ceantair agus ina bardaí agus chuir sé giúistís i gceannas ar gach limistéar. D'eagraigh sé cathaisí nó fir faire oíche chun cosaint i gcoinne tinte agus chuir sé saighdiúirí faoi airm go limistéir an-gharbha. Airde na bhfoirgneamh.

**(c) 15 mharc. Dhá bheart 8, 7.**

Thug Ágastas dlíthe isteach i gcoinne rabairne, adhaltranais, tátha agus breabaireachta. Chuir sé pósadh traidisiúnta chun cinn. D'athnuaigh sé searmanais agus féilte traidisiúnta mar aon le deasghnátha reiligiúnacha. Thóg agus chóirigh sé cuid mhór teampall (86 ceann de réir an fhir chéanna). Rinneadh *Pontifex Maximus* de agus mhéadaigh sé líon na sagart sa Róimh.

**(ii) (a)20 marc. Dhá phointe fhorbartha: 10, 10.**

Ag an tús, bhí Néaró go mór faoi thionchar a mháthar, Agrippina, a oide, Seinice, agus a chomhairleora, Burras. Gheall sé go mbeadh sé cosúil le hÁgastas. Bhí sé trócaireach agus flaithiúil i dtús báire, níor mheasc sé a shaol pearsanta le gnóthaí an Stáit agus chuir sé le cumhacht an tSeanaid. Chuaigh Seinice agus Burras "i mbun comhoibriú chun ógántacht phriaclach an impire a rialú." Chuir Néaró deireadh le trialacha rúnda agus rinne sé iarracht caimiléireacht na rogha daoine sa chúirt agus na ndaoine saortha a chosc.

**(b)30 marc: Trí phointe fhorbartha: 10, 10, 10.**

Chuaigh dul chun donais a iompair i gcion ar ghiúmar agus ar mheanma na cathrach sa mhéid go raibh a leitheadas pearsanta ina leannán air agus go raibh sé sin ní ba thábhachtaí dó ná gnóthaí an Stáit. Dhúnmharaigh sé a mháthair, bhain sé díoltas uafásach amach ar na Críostaithe tar éis na tine agus ghlac sé seilbh ar achar ollmhór i lár na Róimhe dá phearsantas féin. Bhí sé seo ina ábhar le lánchuid fala agus tar éis dó an aicme sheanadóiriúil a scriosadh trí lear mór dúnmharuithe/féinmharuithe d'éigean, d'éirigh comhcheilg ina leith ach theip uirthi. Ina dhiaidh sin, tharla éirí amach sa Ghaill a leathnaigh amach go cúigí eile. Bhí an Róimh ina cathair gan treoir anois faoi smacht aonáin. Bhí eagla ar dhaoine de dheasca líon na maruithe a bhí ag tarlú. Measadh go raibh duine ar bith a rinne iarracht labhairt leis go ciallmhar mídhílis agus fuarthas réidh leo. Chuir sé é féin i measc leadhbálaithe agus rinneadh faillí i rialú na cathrach dá bharr; bhí a chuid comórtais filíochta ina leannán air. Bhí pleananna ardnósacha aige ach níor éirigh leis na pleananna seo, agus bhí an pobal thar a bheith sásta nuair a fuair sé bás.

B'fhéidir go gceisteoidh roinnt iarrthóirí claontacht na bhfoinsí agus tabharfar creidiúint dóibh as sin. Níl sé sin riachtanach le haghaidh marcanna arda, áfach.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**

Seo a leanas na príomhghnéithe de ghníomhréim Corbulo: rith sé feachtas an-rathúil i gcoinne na Chauci nuair a bhí sé ina cheannasaí sa Ghearmáin sa bhliain 47 AD. Stop an tImpire Cláidias é ó leanúint ar aghaidh sa tóir ar thuilleadh buanna. Bhí Corbulo an-dian agus an-éifeachtúil (d'iarr sé ar a chuid fear canáil a thógáil idir an Réin agus an Meuse. D'eagraigh sé an t-arm san oirthear nuair a bhí sé ina rialtóir ar an Áise. Throid sé i gcoinne na Pairtia (a raibh bua den scoth acu ar na Rómhánaigh ceithre bliana roimhe sin) sa bhliain 58 AD. Ghlac sé seilbh ar an Airméin agus cheap sé Tigranes dea-mhéineach mar rí ansin. Throid sé arís sa

bhliain 61 AD agus rinne sé síocháin leis na Pairtiaigh faoi dheireadh. Thug Néaró cuireadh dó teacht chun na Gréige sa bhliain 67 AD agus chuir sé iallach air lámh a chur ina bhás féin.

**(iv) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha agus tacaíocht ón téacs a léiriú: 13, 13, 12, 12. Teastaíonn tuairim sa cheist seo. Ní mór d'iarrthóir dul i ngleic leis an ngné sin den cheist chun marcanna iomlána a fháil. Ní mór do na hiarrthóirí tagairt shoiléir a dhéanamh do na h*Annála*, faoi mar a iarrtar amhlaidh sa cheist.**
Féadfaidh na hiarrthóirí cur in aghaidh éileamh Thacatas toisc gur soiléir a chlaontacht in éadan Thibir. Tugann sé cuntas soiléir an-mhionsonraithe ar na himeachtaí go ginearálta, ach is léir nach raibh aird ar bith aige ar Thibir. Tá an mheabhraíocht seo den riachtanas chun marcanna arda a fháil. Is beag cion atá aige ar Ágastas freisin siocair go scríobhann sé níos mó faoina spídeoirí ná faoina thaobhaithe tar éis dó bás a fháil, ach níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil an dearg-ghráin aige ar Thibir. Fiú go luath i réimeas Thibir nuair a dhéanann sé gníomhartha maithe, ní leagann Tacatas ach na ceannfhháthanna is measa air. Nuair a dhéanann sé maith, déanann sé í ar son na fimíneachta agus na fealltachta amháin, dar le Tacatas. Admhaíonn sé go ndearnadh rudaí maithe, ach ní deir sé riamh go raibh ceannfhháthanna maithe ag Tacatas; deir sé nach raibh ach ceannfhháthanna cruálacha mímhorálta aige. Bhí a chuid flaithiúlachta bréagach agus má rinne sé gníomhartha maithe, thug sé fúthu ar chúiseanna míchearta. Gan a bheith róshonrach faoi na fíricí, cruthaíonn sé íomhá de thíoránach duáilceach díomasach míghnaíúil. Gan tacaíocht iomlán a thabhairt don mhéid seo, tugann sé le fios gur Thibir ab údar do bhás Ghearmánacais, agus is suimiúil an difear sa teanga a mbaineann Tacatas úsáid aisti agus é ag déanamh cur síos ar Ghearmánacas (tá sé cluanach i gcónaí). Tugann sé le fios fiú go raibh Tibir ciontach i scrios poiblí, a ghníomhartha in aghaidh Shéánas agus déanann a chairde léiriú air mar namhaid na cathrach féin. Is géar an teanga a úsáideann sé agus é ag trácht ar Thibir agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí aontú lena éileamh gur scríobh sé "gan seirfean gan chlaonpáirteachas", cé go mb'fhéidir gur shíl sé féin gur scríobh sé mar sin.

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

**(i) (a) 25 marc. 5: baol láithreach; 5: polaiteoirí; 15: (dealramh) tionchar na bhfilí.**
Is é bonn iomlán an dráma go bhfuil an Aithin i mbaol mór. Níor éirigh le polaiteoirí ná le ceannairí na cathrach teacht ar réiteach agus, dá bhrí sin, ní féidir brath ach ar fhile maith críonna chun réiteach a fhail. "Ba cheart go ndéanfadh file...saoránaigh níos fearr de dhaoine." Meastar go bhfuil sé de chumas ag file tréitheach cúrsa imeachtaí a athrú trí thionchar maith a imirt ar smaointeachas a lucht éisteachta.

**(b) 25 marc. Trí phointe fhorbartha: 9, 8, 8.**
Téann Eoiripidéas i gcomhlachas le heilimintí coiriúla i Háidéas, d'fhorghabh sé oifig Aescailis. Déantar cur síos ar a charachtair mar charachtair chorbacha, mhímhorálta, dhíomhaoine agus mhídhílse. Déantar cur síos air mar "dhuine fealltach glic" agus is mearbhlach é. Cruthaíonn sé amhras agus d'fhéadfaí a charachtar a cháineadh. Ní eisean an fear a theastaíonn ón gcathair. Tugtar na hargóintí morálta níos láidre d'Aescaileas. Tá fearg air ach tá sé uasal freisin. Tá Sofaicléas, a bhfuil an-aird ag daoine air, ina chomhghuaillí aige. Léirítear é ag tabhairt dea-shamhlacha gaiscíochta agus tírghrá don phobal, rud atá de dhualgas

tírghrách ar an bhfile. Tá a theanga galánta agus ní gnáth-theanga bheag í. Féach an chodarsnacht ina bhfreagraí maidir le hAlcaibiaidéas agus tarrtháil na cathrach. Go ginearálta, tá comhairle Aescailis níos inmholta agus baineann níos mó ionracais léi. Nuair a chuirtear san áireamh gur léiríodh an dráma le linn Chogadh na Peilipinéise, ba dhócha go raibh na cáilíochtaí sin tábhachtach.

**(ii) 50 marc: Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**

**Teastaíonn 'plé' ar an úsáid as an íoróin sa cheist seo, seachas cur síos amháin. D'fhéadfaí é seo a chlúdach trí thagairt do na cineálacha éagsúla íoróine agus don dóigh a gcuireann an íoróin go mór le castacht agus le rath an dráma.**

Ba cheart do na hiarrthóirí tagairt éigin a dhéanamh don íoróin bhriathartha sa dráma (mar shampla, éileamh Éideapúis go bhfaighidh sé réiteach ar an bplá; déanann sé dochtúir de féin (ag cuardach leighis); is eisean foinse an ghalair. Rinneadh ábhar bleachtaireachta den bhleachtaire. A chinneadh i dtaca le rith ar shiúl óna thuismitheoirí; an cúiseamh a rinne sé in aghaidh Tiresias maidir le daille; dearbhú Iocasta go raibh an t-oracal ar ar thug í féin agus Laius cuairt contráilte; an iarracht a rinne sí chun Éideapús a chur ar a shuaimhneas nuair a bhí sé trína chéile ach a dhearbhú nach bhféadfaí creidiúint i dtairngreachtaí. Le linn di seo a dhéanamh, luann sí an áit ina bhfuair Laius bás; "áit ina dtagann trí bhóthar le chéile". Baineann sé seo bíogadh as Éideapús. Éideapús ag troid ar son Laius amhail is gurb é a athair féin é – agus araile). Chomh maith leis sin, ba cheart go ndéanfadh na hiarrthóirí plé ar an íoróin dhrámata sa dráma – de thoradh malairt thobann chinniúna, déantar an salaitheoir agus údar na plá den slánaitheoir, den fear stiúrach agus den laoch. Is dócha gurb é an sampla is follasaí den íoróin ná na téamaí cúplacha, radharc agus daille. Ní thugann Éideapús a chuid seaneasnamh faoi deara go dtí go n-éiríonn sé dall; tá sé uiríseal anois ach bhíodh sé díomasach; glacann sé lena chinniúint, rinne sé iarracht í a dhiúltú ní ba luaithe; glacann sé le focail Apalló cé gur dhiúltaigh sé iad roimhe sin.

I gcás go n-insíonn na hiarrthóirí plota an dráma, ní mór dóibh baint dhíreach a dhéanamh idir an íoróin agus gach pointe a dhéantar.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**

I measc na bpointí a d'fhéadfaí a dhéanamh anseo tá an oscailt an-fhisiciúil, an-fhoréigneach sa dráma nuair a streachlaítear agus a chéastar Proiméitéas. Bíonn an príomhcharachtar statach, ach tá an dráma sách beoga de bharr teacht agus imeacht daoine ar bhonn leanúnach. Tagann an príomhdhráma ón gcaidreamh difriúil idir na carachtair éagsúla, lena n-áirítear: caidreamh cineálta (Proiméitéas agus Io); caidreamh cáinteach (Proiméitéas agus Oceanus); agus caidreamh easchairdiúil (Proiméitéas agus Hermes). Pointe bailí eile is ea, cé go bhfuil an dráma statach ó thaobh na gluaiseachta de, go bhfuil cuntas fairsing ar thurais agus ar áiteanna andúchasacha sa téacs (cuntas an phríomhcharachtair ar a ndearna sé ar son an chine dhaonna. Proiméitéas ag déanamh cur síos ar an dóigh ar chaith Séas le hIo agus a turais. An scéal bainteach faoi shaorthóir Phroiméitéis). D'fhéadfaí dhá phointe a dhéanamh i dtaca le radharc Io. Cruthaíonn Aescaileas lárchoimhlint an-láidir idir Proiméitéas agus Séas agus, dá bhrí sin, is neamhábhartha é nádúr statach an dráma trí nochtadh an scéil agus trí thaispeánadh charachtar Phroiméitéis. An t-ionsaí foréigneach ar Phroiméitéas agus ar na Oceanides ag deireadh an dráma.

**(iv) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith in ann trácht a dhéanamh ar na cineálacha cumais atá aici mar ionramhálaí. Tá pointe faoi Iasón riachtanach.**

Seo a leanas na pointí ba cheart a áireamh: Déanann Méidé cinnte go bhfanfaidh an t-altra ciúin; éiríonn léi a chur ina luí ar an gcór a gciúnas a ghealladh; an chleasaíocht a d'imir sí ar Chréón chun lá amháin eile a thabhairt di agus do na buachaillí; a hionramháil ar Aegeus chun mionn a ghealladh a thabharfaidh ráthaíocht dá tearmann san Aithin; ag baint leasa as na buachaillí chun na hofrálacha a thabhairt do Glauce. Is é an ceann is tábhachtaí a hionramháil ar Iasón an dara huair a chastar ar a chéile iad; baineann sí earraíocht as a nádúr mórmheasúil saonta d'fhonn a chur ina luí air go n-aontaíonn sí leis. Ba cheart go dtabharfadh na hiarrthóirí míniú ar na cleasa éagsúla a mbaineann sí leas astu chun dallamullóg a chur ar na carachtair eile.

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

**(i) (a) 10 marc. Pointe forbartha amháin**

Ba mar gheall ar eachtra Chioclóip a cruthaíodh naimhdeas idir Odaiséas agus Poiséadón. Dhallraigh Odaiséas agus a chuid fear Polaiféamas, mac Phoiséadóin; d'éalaigh siad ina dhiaidh sin agus bhain siad úsáid as a chaoirigh mar chlúdach. Nuair a fhágann siad ar long, ní féidir le hOdaiséas gan a rá le Polaiféamas cé a dhallraigh é; gaireann Cioclóp ar a athair, Poiséadón, chun díoltas a fháil as an ngníomh seo.

**(b) 15 mharc. Dhá phointe: 10 + 5.**

Cuireann Poiséadón stoirm thart ar Odaiséis agus é ar a bhealach go tír phobal Phaeacia. Cuireann sé pionós ar phobal Phaeacia freisin as ucht cuidiú le hOdaiséas agus tiontaíonn sé a long ina long chloiche. Pointe bailí ar bith eile.

**(c) 25 marc. Trí phointe fhorbartha: 9, 8, 8.**

Baineann ríthábhacht le hAitéiné maidir leis an gcabhair a thug sí d'Odaiséas chun na Suirígh a chloí sna dóigheanna seo a leanas: cuireann sí a bhréagriocht bhacaigh le chéile agus tugann sí treoracha dó faoi cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhaineann sé Ithaca amach. Spreagann sí Péinealaipé an comórtas boghdóireachta a chur ar bun. Téann sí isteach sa chogadh mór sa halla, agus ba lámh chúnta é seo chun na Suirígh a mharú agus chun Odaiséas agus Telemachus a chosaint.

**(ii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**

Tá roinnt príomhdhifríochtaí idir na cuntais, lena n-áirítear: tá an bealach isteach chuig flaitheas na n-anamacha marbha san iarthar d'Odaiséas, ar bhruach an Oceanus gar do chathair faoi cheo na Cimmerians; i gcás Aeinéas, bealach isteach pluaise atá ann cóngarach do loch Avernus, ní gá aghaidh a thabhairt ar mhórthuras farraige. Tá Aeinéas ag deireadh a thurais ag an bpointe seo ach tá cuid mhór den fharraige le taisteal ag Odaiséas go fóill. Tá Sybil in éineacht le hAeinéas, ach níl treoraí ar bith ag Odaiséas agus é ag dul i dtreo Háidéis. Tá cur síos mion an-ghrafach, an-atmaisféarach i Leabhar 6 den *Aeinéid* ar áit fhisiciúil an Domhain Thíos ach tagann na hanamacha go hOdaiséas dar le *Leabhar na Marbh* le Hóiméar. Is cosúil go bhfuil sé i bhfad níos deacra ar Aeinéas teacht ar na hanamacha marbha ná mar atá sé ar Odaiséas; faigheann sé an chraobh órga agus ar aghaidh leis ansin síos cosáin dhorcha an lobhaidh thar mhórán créatúir agus taispeántaí uafásacha sula dtrasnaíonn sé Abhainn Acheron. Cé go mbuaileann an bheirt laochra le daoine óna

saol san am a chuaigh thart, ní chomhfhreagraíonn casadh Aeineás le Díodó san *Odaisé* do rud ar bith. San *Aeinéid* le Veirgil amháin a fhaightear mionchuntas ar mhíniú Anchises ar an mbás agus ar an athionchollú, chomh maith le mórshiúl a shliochtach a thaispeántar d'Aeineás. I gcuntas Veirgil, braitear go bhfuil ríocht ordúil faoin talamh ina gcónaíonn catagóirí éagsúla anama. Tá neamhord i gcuntas Hóiméar faoin dóigh a scinneann an dúrud anamacha difriúla thart air. Tá difríochtaí sa chreideamh i dtaobh na beatha tar éis an bháis. Fágann Odaiséas domhan na n-anamacha marbha siocair go bhfuil eagla air roimh chréatúir uafásacha a d'fhéadfadh Peirsifiné a chur chuige. Tá imeacht Aeineás go deas socair, trí na geataí eabhair; tugann taibhse Anchises dóchas dó an athuair. Tá an Domhan Thíos san *Aeinéid* go hiomlán difriúil ón Domhan Thíos san *Odaisé* de bharr na ngnéithe d'ábharthacht chomhaimseartha agus de bharr na bolscaireachta fiú. Pointí bailí ar bith eile.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**
Laochra agus gaiscígh iontacha iad an bheirt acu níl cosúlacht eile eatarthu. Is simplí í aidhm Chúchulainn: fir na hÉireann a choinneáil amach as Cúige Uladh agus onóir na nUltach a chosaint. Comhraiceann sé go sármhaith agus go sona sásta – seo an fáth ar tháinig sé ar an saol agus níl suim aige i rud ar bith eile. Carachtar i bhfad níos castaí é Aeineás. Ceannaire comrádaithe é a bhfuil sé tiomnaithe dóibh; buíon fir amháin is ea Cúchulainn. Tá misean Aeineás níos dochraidí freisin – caithfidh sé cine úr daoine a bhunú i ndomhan nua. Murab ionann le Cúchulainn, tá an Chinniúint d'ualach air agus leagann sí dualgais air. Níl an oiread céanna foinn ar Aeineás a bheith i mbun troda; comhraiceann sé go drogallach go minic mar go gcaithfidh sé a bheith ag troid. Ní gríosóir cogaidh é. Go ginearálta, ní chloisimid faoi mhothúcháin Chúchulainn (seachas nuair a fhaigheann Ferdia bás), ach déantar cur síos mion ar mhothúcháin Aeineás go minic ar fud an dáin (e.g. eachtra Dhíodó; mothúcháin dá athair; comrádaithe agus araile).

**(iv) 50 marc: 13, 13, 12, 12. Ceithre phointe fhorbartha agus tagairt don téacs mar thacaíocht dóibh. Tá 'plé' ag teastáil sa cheist seo agus, dá bhrí sin, beidh na scrúdaitheoirí ag súil leis sin chun marcanna iomlána a bhronnadh.**
Tá roinnt gnéithe soiléire tábhachtacha le lua anseo, lena n-áirítear: Óráid Iúpatair le Véineas i Leabhar 1; déanann taibhse Creusa tagairt don talamh san Iarthar, áit a ritheann an sruth séimh den Tibir Lidiach, agus luann sé go bhfuil sé seo mar chuid de phlean diagaire agus é ag caint le hAeineás. Óráid Anchises le hAeineás i Leabhar 6; Leabhar 8 – láthair chathair na Róimhe sa todhchaí agus sciath Aeineás agus glacadh Iúnó le cinniúint na Róimhe i Leabhar 12. D'fhéadfaí a áireamh i measc na ngnéithe eile gur baineadh mórgacht chinniúint na Róimhe amach ar mhórchostas d'Aeineás agus do dhaoine eile (go háirithe Díodó agus Turnus); tagairtí do mhórán mórimeachtaí agus do phearsana i stair na Róimhe (e.g. na Cogaí Púnacha, Iúil Caesar agus nithe eile, tagairtí do chuid mhór institiúidí agus nósanna Rómhánacha). Samplaí iad seo den chaoi a gcuireann Veirgil mórgacht na Róimhe in iúl. Pointe/pointí bailí é/iad freisin cén fáth a ndéanann Veirgil é seo, má dhéantar é a fhorbairt. Féadfaidh na hiarrthóirí easaontú.

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) **(a) 20 marc. Dhá phointe fhorbartha 10, 10, atá bainteach leis na gnéithe ábhartha den dán. Féadfaidh na hiarrthóirí an cogadh agus an bás a chónaidhmiú agus glacfar leis sin a luaithe a dhéanann an t-iarrthóir an ceangal follasach.**

Deir Proipeirtias gurb iad cogaí grá an t-aon chineál cogaidh a bhfuil suim aige ann. Deir sé nach bhfuil suim ar bith aige sa chogadh agus go ndearna Proiméitéas an duine go neamhfhoirfe le go mbeadh sé ró-ullmhaithe don chogadh "agus déanfaidh namhaid ar bith cúis". Ní féidir creach an chogaidh a thabhairt leat nuair a fhaigheann tú bás. Is é an t-aon bhás maith ná bás a fháil tar éis a bheith i ngrá leis na blianta (tugtha le fios nach fiú bás anabaí a fháil de bharr cogaidh). Deir sé ag an deireadh maidir le duine ar bith atá buartha, ligean dóibh dul ar aghaidh agus suaitheantais Crassus a cailleadh a fháil ar ais (caillte i gcoinne na bPairtiach). Níl aird a bith aige ar chogaí.

**(b) 15 mharc. Cuntas soiléir ar an dóigh a bhfuil sé i gceist ag Proipeirtias a sheanaois a chaitheamh.**

Tá sé i gceist ag Proipeirtias a sheanaois a chaitheamh ag déanamh staidéir ar an gcruinne, ar na réaltaí, ar na séasúir, ar an tíreolaíocht, ar an saol eile, ar thaoidí, ar thuartha ceatha agus araile – na nithe sa saol lena mbaineann tábhacht.

**(c) 15 mharc. Dhá phointe agus tagairt don dán mar thacaíocht dóibh. 8, 7.**

Is léir nach bhfuil suim ar bith aige sa chogaíocht ná san ábharachas (feic thuas) agus tá an-dúil aige sa ghrá, i bhfíon agus i mbláthanna – sonraítear nós maireachtála héadónaíoch go soiléir a bheag nó a mhór. Deir sé nuair a bheidh sé ina sheanfhear go gcuirfidh sé suim sa tíreolaíocht etc. ach san am i láthair, ní theastaíonn uaidh ach am deas a bheith aige. B'fhéidir go dtugann sé seo le fios go mothaíonn sé gur cheart go mbeadh suim aige sna gnóthaí tromchúiseacha seo.

(ii) **(a) 25 marc. Trí phointe míniúcháin: 9, 8, 8.**

Ba cheart go n-áireofaí le míniúchán ar oirbheartaíocht Hannabail an chéad iarracht a rinne sé na Rómhánaigh a phriocadh chun gnímh. Cuireann sé na taibhleoirí agus na boghdóirí éadroma chun tosaigh. Cur síos soiléir (mar aon le sceitse más rogha leo) ar an dóigh ar imscar sé trúpaí i bhfalang fada caol lenar bhain cliatháin ualaithe a raibh de sprioc acu na Rómhánaigh a tharraingt isteach agus iad a chur i ngluaiseacht phionsúir, áit a rachadh a cliatháin Afracacha timpeall orthu. An cleas maidir leis na 500 duine ó Numidia a lig orthu féin gur ghéill siad ach a rinne na Rómhánaigh a ionsaí ón gcúl.

**(b) 25 marc. Dhá phointe fhorbartha – ní mór codarsnacht idir iompar an dá chonsal a lua i ngach pointe: 13, 12.**

Labhraíonn agus iompraíonn an dá chonsal, Paulus agus Varro ar bhealaí atá i gcodarsnacht lena chéile, roimh an gcath agus dá éis. Déanann an bheirt acu argóint lena chéile faoi cad ba cheart a dhéanamh – dul i mbun troda i gcoinne Hannabail nó gan dul ina choinne. Tá Paulus i bhfabhar oirbheartaíocht Fabius agus teastaíonn uaidh, thar aon ní eile, a laghad fear agus is féidir a chailleadh. Luann sé tubaiste Flaminus ag Loch Trasimene. Spalpaire ionsaitheach é Varro, déanann sé magadh faoi Fabius lag éiginnte. Is mian leis dul i mbun troda, fearacht a chuid fear. An lá atá sé i gceannas, cuireann Varro an meirge catha amach, gan dul i gcomhairle le Paulus. Tig le Paulus cur ina aghaidh nó gan tacaíocht a thabhairt dó. Sa deireadh,

cinneann sé go drogallach tacú leis. Tá súil aige go mbeidh na fir a labhraíonn go cróga in ann troid go cróga. Maidir leis an gcath, seasann Paulus an fód go maith nó go dtréigeann an misneach é. Gortaítear go dona é agus diúltaíonn sé don tairiscint éalú ar muin capaill; b'fhearr leis bás a fháil i dteannta a fhir ná dul chun na Róimhe agus a chomhchonsal a cháineadh lena chuntas faoin méid a tharla. Codarsnacht mhór é seo le Varro a d'éalaigh ní ba luaithe in éineacht le 50 duine dá chuid fear. Go hachomair, labhair Varro go cróga agus go hionsaitheach, ach ba é Paulus, a mhol a bheith cúramach, an té a bhí fíorchróga agus uasal sa chath.

**(iii) (a)30 marc. Trí phointe fhorbartha: 10, 10, 10, mar aon le tagairtí mar thacaíocht. Ní mór do na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do dhá shliocht ar a laghad chun marcanna iomlána a fháil. D'fhéadfaí an dúlra agus an taobh tíre a chónaidhmiú.**

Tá a lán fianaise i bpéire de na sleachta dualgais go raibh grá don dúlra ag Veirgil. Tá siad seo a leanas i measc na samplaí soiléire: an íomhá den ghrian ag dul faoi agus an spéir faoi bhrat réaltaí in *Amhrán Silenus*; an cur síos aoibhinn ar na bláthanna fiáine sna fálta sceach in *Breith an tSlánaitheora*; an fiántas oighreata in *Oirféas agus Eoraidícé*; na samhlacha iomráiteacha (duilleoga an fhómhair agus éin) sa Domhan Thíos san *Aeinéid*. Ach is iad an dá shampla is fearr ná *Féilire Feirmeora* agus *Sonas Tuathúil*. Tá *Sonas Tuathúil* cosúil le hiomann don taobh tíre agus don áthas ar fad atá le fáil ann. Mar an gcéanna in *Féilire Feirmeora*, déanann Veirgil trácht fada ar an tsócúlacht, ar an bpléisiúr agus ar an lúcháir fiú a bhaineann le hobair chrua i saol na tuaithe. Teastaíonn tagairtí ar leith do líon dánta.

**(b)20 marc. Teastaíonn tuairim sa cheist seo. Dhá phointe fhorbartha agus samplaí mar thacaíocht: 10, 10.**

Féadfaidh na hiarrthóirí cur i gcoinne an ráitis sa cheist nó tacú leis. Cinnte, á samplaí soiléire ann ina bhfuil dearcadh an-dearfach aige ar shaol na tuaithe, e.g. in *Féilire Feirmeora* agus in *Sonas Tuathúil*, ní luann sé ach na gnéithe dearfacha, níl trácht ar bith ar chruatan, ar thriomach, ar bharra teipthe, ar gheimhrí géara ná ar an gcaoi nach bhféadfaí an fheirmeoireacht a thuar. Ní dhéantar cur síos ach ar na gnéithe is aoibhne agus is tarraingtí. Más maith le hiarrthóir aontú go bhfuil sé seo réalaíoch, d'fhéadfadh sé/sí pointe a dhéanamh gur dócha go bhfuil cur síos Veirgil cruinn go leor, fiú mura ndéantar mórán tráchta ar an taobh níos crua den fheirmeoireacht.

**(iv) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha agus samplaí sonracha mar thacaíocht: 13, 13, 12, 12. Tá plé ag teastáil sa cheist seo agus, dá bhrí sin, ní mór do na hiarrthóirí na samplaí a thugann siad a cheangal go díreach leis an gceist a chuirtear. Ní mór tagairt a dhéanamh don scéalaíocht iontach agus don aidhm mhorálta araon.**

Ní mór do na hiarrthóirí dul i ngleic le dhá ghné anseo. Gné amháin ná a fheabhas atá scéalaíocht Óivid agus is é an ghné eile cuspóir morálta an scéil. Scéal simplí atá ann. Déantar cur síos ag an tús ar dhá chrann atá fite fuaite. Déanann Óivid cur síos ar na déithe, Iúpatar agus Mearcair, ag tabhairt cuairte ar phobal na Frigia gan aon fháilte á chur rompu. Cuireann Baucis agus Philemon, ar leannán scothaosta iad, fáilte Uí Cheallaigh rompu. Tá mionchuntas álainn i mbunús an scéil ar aíocht shimplí fhlaithiúil an tseanleannáin, mar aon le tagairtí tíriúla don bhia agus do na

feistis. Is é an cor sa scéal ná go dtugann an leannán faoi deara go n-athlíonann an crúiscín fíona leis féin agus go dtuigeann siad gur déithe iad an bheirt strainséirí. Téann siad faoi choinne a ngé a mharú ach cuireann na déithe bac leo. Tugann siad iad go mullach an chnoic agus breathnaíonn siad ar an machaire iomlán faoi thuile, ach tiontaítear a dteachín simplí féin ina theampall galánta. Tairgeann na déithe mian don seanleannán agus téann siad i gcomhairle le chéile. Mar a bheifí ag súil le leannáin ag a bhfuil neart umhlaíochta, níl uathu ach freastal ar na déithe, agus go han-rómánsúil ar fad, is mian leo bás a fháil le chéile ionas nach mbeidh orthu dul go sochraid a chéile. Scéal simplí atá ann. Feictear an mhoráltacht i nglacadh an leannáin lena staid umhal agus sa dóigh a mbaineann siad an oiread leasa aisti agus is féidir, agus go háirithe, a thoilteanaí atá siad aíocht "nach bhfuil ar a n-acmhainn" a thabhairt. Tugann na déithe luach saothair dóibh ar son na gcáilíochtaí seo agus báitear a gcomharsana mioscaiseacha. Ba cheart béim a leagan ar sheift Óivid an léitheoir a tharraingt isteach agus é ag cur pointe morálta i láthair.

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

**(i) (a) 10 marc: 5, 5**

*Krater* a thugtar air; baineadh úsáid as mar leacht ar thuama; bhí poll ina bhun chun ofrálacha dí a thabhairt do na mairbh.

**(b) 20 marc. Ceithre ghné de chur síos ina sonraítear uachtar agus íochtar an radhairc. 5, 5, 5, 5.**

Is é an radharc a thaispeántar ná an phróistéis (nó os cionn cláir go poiblí) agus mórshiúl sochraide, an duine marbh ina luí ar árach, caointeoirí, capaill, carbaid, laochra, mar aon le patrúin gheoiméadracha.

**(c) 20 marc. 7 bpointe as an tréimhse. Trí shampla de ghnéithe na tréimhse seo: 5, 4, 4.**

Baineann sé leis an Tréimhse Gheoiméadrach (an tOchtú hAois R.Ch.). Seo a leanas na gnáthghnéithe: raidhse maisiúcháin gheoiméadracha a chlúdaíonn an leastar ar fad (lena n-áirítear fríosanna fiarlán agus lúba a líonann isteach na spásanna folmha a bhí ann roimhe sin, stráicí de phatrúin shimplí). Roinntear na criosanna ina bpainéil le móitífeanna aonair de sheicir, de dhiamaint agus de línte cama. Fíoracha stílithe de dhaoine agus d'ainmhithe i scáthchruth (an-déthoiseach), tá na cinn tarraingthe cliathánach, ponc don tsúil; gloinithe le leachtbhrat dúdhonn.

**(ii) (a) 10 marc as an tréimhse. An Tréimhse Luathchlasaiceach; 10 bpointe. 7 bpointe as an Tréimhse Chlasaiceach.**

Libon Éilís a dhear é agus tógadh é sa Tréimhse Luathchlasaiceach, timpeall 470-460 R.Ch.

**(b) 20 marc. Ceithre phíosa cur síos: 5, 5, 5, 5. Tá na téarmaí cearta ailtireachta ag teastáil.**

Teampall é a bhfuil sraith aonair cholún timpeall air san ord Dórach. Tá sé cholún ar a aghaidh agus ar a chúl agus tá trí cholún déag sa dá thaobh; ba iad seo na gnáth-chomhréireanna le haghaidh teampall Dórach ón ré sin. Tá rampa, *pronaos*, agus *opisthodomos* ann. Tá dhá shraith cholún sa *naos/cella* agus tá staighre a théann a

fhad le háiléar chun amharc ar dhealbh Shéas a rinne Féidias. Tá stíleabáit ann ar a leagtar na cosa colúin go díreach. Déantar mullaí na gcolún le habacas agus le heichne. Tá na colúin cuislithe sa stíl Dhórach agus tá taibhléadan ar a mullach. Is éard atá i gceist leis seo ná imchásáil, fríos meatóp agus triglifí os cionn an *taenia* agus *regula* le *guttae* faoina mbun. Tá tuilleadh *guttae* os cionn an fhríosa faoi bhun an *mutule* agus os a chionn seo tá an choirnis agus an choirnis ar claon.
Tógadh an teampall le haolchloch gharbh áitiúil (comhcheirtleán) a bhí báite i stucó, ach rinneadh na tíleanna agus na gnéithe maisiúla le marmar Pairiach.

**(c) 20 marc. Trí ghné de dhealbha – meatóip agus peidiméidí thoir agus thiar. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do dhealbh Shéas ina dhiaidh sin chun marcanna a fháil: 7, 7, 6.**
Is iad na príomhghnéithe maisiúla an dá pheidiméid agus an 12 mheatóp dhealbhaithe thar an mbealach isteach (iad uile déanta le marmar). Sa pheidiméid thoir, tá fíoracha a léiríonn na nóiméid theannasacha sula dtosaíonn rás carbaid Pelops agus Oenomaos. Seasann Séas idir an bheirt acu agus ní fheiceann na hiomaitheoirí é. Is ard agus is ceannasach a sheasann sé thar na daoine den domhan seo. Tá Oenomaos ina sheasamh ar chlé agus é ag míniú choinníollacha an rása. Tá a bhean chéile lena thaobh agus a géaga fillte ar a chéile go himníoch. Tá lámh Oenomaos leagtha go muiníneach ar a chromán. Tá Pelops ar thaobh na láimhe deise, tá a cheann cromtha go cúthail agus é ag éisteacht. Tá an bhrídeach atá le pósadh ina aice leis agus í ag ceartú na caille uirthi féin. Tá capaill, carbaid agus déithe a dhéanann ionadaíocht don dá abhainn le taobh na bpríomhfhíoracha. Taispeántar Apalló sa pheidiméid thiar níos iomráití agus é ag cur chíréib na gceinteár chun suaimhnis ag bainis Lapith. Tá forlámhas aige sa radharc ina bhfuil ceinteáir ag tabhairt cargála do mhná, fíoracha lúbarnaíola agus, sna cúinní, mná ina leathluí. Saothar an-rathúil atá ann ina bhfuil baint ag na fíoracha uile lena chéile. Léirítear sna meatóip gach ceann de thascanna Earcail, arís tá meascán de radhairc chiúine agus de radhairc bheoga iontu. Is é an ceann a thaispeántar ná Úlla Órga na Heispirídí á dtabhairt ag Atlas d'Earcail, agus Aitéiné mhaorga ag féachaint air seo.

**(iii) (a) 10 marc: 5, 5**
Poiséadón – d'fhéadfaí é a aithint óna adhal (neamhiomlán) agus ón deilf lena thaobh.

**(b) 5 mharc**
An Tréimhse Heilléanaíoch – timpeall 200 R.Ch. Deir Boardman go mall sa dara haois, 130 R.Ch. b'fhéidir.

**(c) 30 marc. Trí phointe fhorbartha: 10, 10, 10.**
Cé go bhfuil suíomh an-chlasaiceach le sonrú de bharr aistriú *contraposto* ó chois amháin go cois eile, tá luascadh agus aistriú an-Heilléanaíoch sna codanna den choirp ag dul i dtreonna éagsúla. Tá "dearcadh míshocair" le sonrú sa chodarsnacht láidir i bhfillteacha na héadaitheoireachta. Baineann a ghruig agus a fhéasóg ilchasta leis an tréimhse seo freisin.

**(d) 5 mharc**
Afraidíte Mhéileas.

**(iv) (a) 5 mharc**

Bhí an fríos suite os cionn na sraitheanna colún istigh, taobh istigh den pheiristíl/cholúnra. (Féadfaidh na hiarrthóirí sceitse a úsáid chun an áit a chur in iúl)

**(b) 5 mharc**

Meastar go léiríonn sé Mórshiúl Panathenaea agus an *peplos* fillte á bhronnadh ar Aitéiné. B'fhéidir gurb é seo an ceann deireanach roimh Chath Mharatóin.

**(c) 20 marc. Cur síos iomlán ar thrí ghné: 7, 7, 6.**

Taispeántar na déithe ina suí os cionn an taoibh thoir (an bealach isteach). Tá staidiúirí suaimhneacha, sócha agus ilchineálacha orthu, agus gabhann comhartha sóirt le gach ceann acu. Tá maighdeana agus oifigigh lena dtaobh (lena n-áirítear an páiste ag a bhfuil an *peplos*). Léiríodh an mórshiúl, áfach, ag teacht le chéile sa phóirse thiar agus ag dul ar aghaidh feadh an taoibh thuaidh agus an taoibh theas den teampall i dtreo an oirthir. Tá burgairí, iompróirí uisce, ceoltóirí, carbadóirí, íobairtí ainmhí agus marcaigh le feiceáil. Téann marcshluaite móra thart ar ruathar. Shílfí go bhfuil doimhneacht ann mar gheall ar chéimeanna capaill ag dul thar a chéile, cé go bhfuil sé snoite i rilíf íseal (nó rilíf éadomhain) ag an bpointe is doimhne, 6 cm. Léimeann fear a bhfuil clogad air agus a bhfuil sciath á caitheamh aige, ar charbad agus léimeann sé de charbad arís le linn don charbad a bheith faoi ghluaiseacht. Mothaítear go bhfuil an mórshiúl níos maorga agus é ag druidim leis an deireadh. Cuirtear íospartaigh íobartha ag siúl de réir luas réimiúil. Ardaíonn bearach amháin a ceann mar agóid shéimh ina choinne. Léirítear mná, cailíní agus déithe sa fhríos thoir.

**(d) 20 marc. Dhá phointe fhorbartha 10, 10, faoin bhfáth a n-aontaíonn/nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas, mar aon le tagairt dhíreach don fhríos ón bPartanón. Féadfaidh na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do shaothair eile ealaíne freisin.**

Faoi na hiarrthóirí atá sé easaontú leis an dearcadh, ach ag glacadh leis go n-aontóidh siad leis, d'fhéadfaí na pointí a leanas a dhéanamh: staidiúirí ilchineálacha nádúrtha na bhfíoracha, gan a bheith ag amharc sa treo céanna, cuid acu ag bogadh go tapa, cuid eile ag bogadh go mall, cuid acu statach; mothú peirspictíochta nó 3T a chruthaíonn braistint doimhneachta (go háirithe sna línte capall), cé go bhfuil an rilíf chomh héadomhain sin; léirítear an éadaitheoireacht go hálainn i bhfillteacha sreabhacha cuannachta, an-líonta, ach nochtar na coirp faoina bun.

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

**(i) (a) 30 marc. Trí phointe míniúcháin faoi dhearcadh Shócraitéas. 10, 10, 10.**

Meastar go bhfuil an corpoideachas bunriachtanach le haghaidh forbairt daoine cothromaithe. Tá an intinn níos tábhachtaí, ach nuair a chuirtear oiliúint cheart uirthi, tiocfaidh an chorpoiliúint chun cinn go nádúrtha. Beidh sé ina bhunús le smacht agus le crógacht; seachnófar meisce (agus cailíní agus na cineálacha contráilte ceoil). Beidh fir níos aclaí, níos fuinniúla agus níos airdeallaí. Níor cheart do ghardaí traenáil macasamhail gnáth-lúthchleasaithe. Teastaíonn córas traenála níos coigeartaithe le haghaidh lúthchleasaithe saighdiúra d'fhonn iad a dhéanamh airdeallach, coimhéadach, sláintiúil, in ann na hathruithe dosheachanta ar réim bia agus ar theocht a sheasamh. Béim ar thraenáil i gcomhair cogaidh. Impíonn sé ar

dhaoine aire a thabhairt dá sláinte. Tugann sé foláireamh gan bacadh leis an saol díomhaoin agus gan ár gcorp a líonadh le gáis agus le sreabháin, ar nós lodáin, agus brú a chur ar an lucht míochaine ainmneacha a chruthú dár ngalair dá bharr, fearacht gaofaireachta agus réama.

**(b)10 marc. Ní mór tagairt a dhéanamh do dhá ghné den réim bia. 5, 5.**
Feoil rósta, gan spíosraí Shioracúis ná milseogra Attic. Dada rófhústrach agus de réir na measarthachta.

**(c) 10 marc: 7, 3. Teastaíonn 'cúiseanna' sa cheist seo agus, dá bhrí sin, tá níos mó ná pointe amháin riachtanach.**
D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairim trí tagairtí bhailí.

**(ii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12. Ní mór do na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh dá dhéine ina bhfreagra chun marcanna iomlána a fháil.**
Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú le hábhar na ceiste. D'fhéadfaí a leanas a áireamh i measc na bpríomhphointí: Duine ba ea Díón ag a raibh dea-rúin agus theastaigh uaidh an saol ab fhearr a bhaint amach dá phobal. Bhí sé cliste cróga agus bhí prionsabail aige. Ina theannta sin, bhí sé an-dílis do smaointe Phlatón. Rinne sé a dhícheall. Bhí saol uasal baileach aige. Rinne sé iarracht cur ina luí ar Dhinísias I agus ar Dhinísias II rialú de réir phrionsabail Phlatón. Chaith sé go maith le muintir Shioracúis agus mhaith sé dóibh as an dóigh ar chaith siad go holc leis-sean "ag sárú feirge, éada agus spiorad na hiomaíochta". Ar an taobh eile den phingin, áfach, bhí sé saoithíneach, dian agus ceanndána. Bhí sí an-chrua ar dhaoine nár chomhlíon a chuid caighdeáin arda féin.

**(iii) 50 marc. Ceithre phointe fhorbartha: 13, 13, 12, 12.**
Chuir Sócraitéas an milleán ar an tsochaí dhaonlathach as beagmhaitheas na fealsúnachta. Baineann sé leas as samhail an Chaptaein Mhara chun an dóigh nach bhfuil meas ag an tsochaí ar a cuid fealsúna, a chur in iúl. Deir sé go bhfuil an fhealsúnacht an-deacair agus go dtógann sé cuid mhór ama agus, dá bhrí sin, nár cheart do dhuine ar bith, seachas daoine eisceachtúla, staidéar a dhéanamh uirthi. Deir sé go bhféadfadh olcas na sochaí fealsúna maithe a thruailliú fiú – dathúlacht, airgead, clú an phobail agus tarraingt an ratha mhóir. Maíonn sé go bhfuil drochfhealsúna ann a thugann drochainm don fhealsúnacht féin. Tugann sé aird ar leith do na Sofaistí; luann sé go n-éilíonn siad go múineann siad an fhealsúnacht ach nach ndéanann siad amhlaidh ar chor ar bith. Mar sin de, tá fíorfhealsúna an-úsáideach, ach tugann siadsan a ligeann orthu go ndéanann siad staidéar uirthi, drochainm dóibh uile. D'fhéadfaí an miotas faoin Ainmhí Mór Cumhachtach a áireamh anseo freisin.

**(iv) (a)20 marc. Dhá phointe fhorbartha. 10, 10.**
Míníonn Sócraitéas go bhfuil an uile dhuine spleách; níl duine ar bith againn in ann a dhóthain féin a tháirgeadh. Mar sin de, is ciallmhar dúinn dul isteach i ngrúpaí agus leas a bhaint as ár n-inniúlacht phearsanta féin ar mhaithe le leas an phobail. Go bunúsach, deir sé nár cheart go mbeadh ach roinnt cineálacha oibrí ann: feirmeoir, gréasaí, fíodóir agus b'fhéidir cúpla ceann eile. Tá an leas coiteann thar a bheith tábhachtach.

**(b)20 marc. Dhá phointe fhorbartha; 10,10.**

Deir Glaucon go mbeadh an tsochaí seo róbhunúsach. Dá bhrí sin, maíonn Sócraitéas go leanaimid orainn, go tíopúil, agus go gcuirimid feabhas ar ár gcaighdeáin d'fhonn earraí níos galánta, níos sómhaire a chur san áireamh (bia, troscán, cumhrán, etc.). Mar gheall air seo, cruthaítear cathracha níos mó, pobail níos mó agus bíonn gá le níos mó talún. Eascraíonn speisialtóireacht agus éagsúlacht níos mó gairmeacha agus ceirdeanna as seo freisin.

**(c) 10 marc. Pointe forbartha amháin.**
Mar gheall ar fhás cathracha móra, tá níos mó éilimh ar bhia agus ar earraí eile. Dá bhrí sin, tá call le níos mó talún (ar le comharsa í agus nár mhór troid ar a son) agus cruthaítear iomaíocht le pobail choigríocha le haghaidh trádála. Sin an fáth a mbíonn ga le hairm.

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

**(i) (a) 15 mharc: 3, 3, 3, 3, 3**
aa = an *decumanus*; c = an fóram; f = margadh; g = amharclann; k = fóram Severus.

**(b)25 marc. Dhá phointe fhorbartha: 13, 12.**
**Is iad an dá 'phríomhchéim' is suntasaí ná an fhorbairt a tharla le linn réimeas Ágastas agus réimeas Thibir agus an fhorbairt a tharla le linn réimeas Septimius Severus. Bronnfar roinnt marcanna freisin as forbairt fholcadáin Haidrian agus Fholcadáin an Fhiaigh.**

Tógadh é a chéaduair ar shuíomh lonnaíocht Fhéiníceach ar chósta Tripolitania; ceann tíre de chois cuain. Tógadh an baile luath de réir patrún clár fichille sa ré Ágastach. Fóram, baisleac lena ngabhann colúnra ceathairthaobhach. Bhí trí theampall os comhair an fhóraim, bhí an ceann sa lár tiomnaithe d'Ágastas agus don Róimh. Bhí sé ar phóidiam ard. Bhí an margadh in aice láimhe (ina raibh dhá halla chiorclacha agus clocha ar a raibh tomhais marcáilte), chomh maith leis an amharclann.
Bhí an síneadh theas ann freisin a bhí i gcomhréir leis an gcor sa *cardo*. Tá cuma níos dronuilleogaí air seo. Baineann na daingin leis an mbliain 69 AD nó mar sin (rinne treibh áitiúil Bheirbeireach ionsaí orthu). Ach baineann an príomhfhoirgneamh leis an tréimhse 109-110 nuair a bronnadh stádas *colonia* ar an gcathair. Faoi rialú Haidrian, tógadh foirgneamh nua galánta folcadáin, ach ba faoi rialú Septimius Severus a tógadh an tsráid ríúil colúnra, an fóram agus an bhaisleac. As Leiptis Mhór a tháinig sé. Tá an fóram millteanach mór – 1,000 troigh faoi 600 troigh. Colúin le stuanna, baisleac ollmhór agus dhá chúlbhá, 100 troigh ar airde. Colúin a tógadh le heibhear dearg Éigipteach agus le marmar glas Euboea, piléir bhalla de mharmar bán, snoiteáin de Dhiníseas agus d'Earcail. Tá áirse an bhua ann freisin ag acomhal an *cardo* agus an *decumanus* lena mbaineann ceithre shlí. Tá na folcadáin sealgaireachta sách spéisiúil freisin, mar aon lena cruinneacháin agus boghtaí iomráiteacha.

**(c) 10 marc. Pointe forbartha amháin.**
Sa tréimhse chéanna, atógadh an cuan ag béal an Wadi Lebda (báisín 24 acra mar aon le céanna, trádstórais, teampall, túr faire, teach solais), ach níl comharthaí ar bith ann gur baineadh úsáid as; líonadh an cuan le siolta sula i bhfad.

**(ii) (a)5 mharc**
An tImpire Constaintín.

**(b)25 marc. Cúig ghné le bheith san áireamh i gcur síos iomlán: 5, 5, 5, 5, 5.**
Tá sé san Fhóram Rómhánach. Maxentius a chuir tús leis an tógáil agus ba é Constaintín a chuir i gcrích í tar éis na bliana 313 AD. Tá trí thrasbhoghta ollmhóra den mheánlann 114 troigh ar airde. Tá trí bhá stuacha i bpasáiste leathan ar an dá thaobh; tacaíonn spiaraí na mbánna leis na trasbhoghtaí. Tá colúin ollmhóra Chorantacha ar aghaidh thaobh na meánlainne de na spiaraí seo. Tá na bánna stuacha á gceangal ag doirse stuacha a bhfuil cuasáin stuacha ar a gcliatháin inar coinníodh dealbha. Tagann solas nádúrtha iontach isteach an dúrud fuinneoga stuacha; caithfidh sé gur las sé seo an taobh istigh ríúil le cailéideascóp de mharmar daite. Maisíodh na síleálacha le painéil shlogtha ochtagánacha. Bhí cúlbhá sa cheann thiar. Bhí pasáiste isteach ina raibh cúig dhoras sa cheann thoir. Bhí díon tíleanna cré-umha ar an struchtúr. Chuir Constaintín cúlbhá leis an gceann thuaidh agus bealach isteach leis an gceann theas.

**(c) 10 marc: 5, 5 as dá úsáid.**
Go bunúsach, ba é an fheidhm a bhíodh ag na baisleaca ná síneadh istigh leis an bhfóram nó le limistéar an mhargaidh. D'fhéadfaí iad a chur i gcomparáid le halla baile na linne seo. Bhíodh oifigí iontu de ghnáth, chomh maith le limistéar a d’fhéadfaí a úsáid mar chúirt dlí, ionad gnó ginearálta.

**(d)10 marc. Gné shainiúil amháin.**
Ba ghnáth le baisleaca sa Bhreatain a bheith mar thaobh amháin d’fhóram cearnógach iata. Bhíodh réimse leathan oifigí iontu ar chúl go hiondúil, agus bhíodh an bealach isteach ar an taobh fada. Bhíodh an bealach isteach ar cheann amháin dá dtaobhanna fada. Bhíodh cúlbhá le treabhann ag ceachtar ceann. B’fhéidir gur eascair an meascán seo de halla agus de chlós as an mbundearadh le haghaidh cheanncheathrú gnáthchampa míleata.

**(iii)(a) 25 marc. Forbairt mhaith ar thrí ghné thipiciúla de dhealbhóireacht na Róimhe; 9, 8, 8.**
D’fhéadfadh na hiarrthóirí an méid seo a leanas a lua: na haghaidheanna an-phearsanta, an-aonánach a léiríonn an carachtar sainiúil ar gach aghaidh – ní léiriú cineálach é. Tá sé seo an-Rómhánach seachas Gréagach: éadaí na príomhfhíorach ina thoga Rómhánach mar aon leis na fillteacha díniteacha; tá íomhánna a shinsearach á n-iompar ag an bhfear – nós Rómhánach ba ea seo agus cuireann sé an bhaint láidir ag an dealbhóireacht le nósanna sochraide i gcuimhne dúinn. Léirítear an *dignitas* agus an *gravitas* anseo, gné a fhaightear go fairsing i ndealbhóireacht phortráide na Róimhe.

Tá sé i gceist ag a leithéid de phortráid rud éigin seachas samhlachas duine a chur in iúl – 'cuireann sí dínit agus ollás údarásach agus *gravitas* na Rómhánach in iúl' (VP).

**(b)25 marc. Plé iomlán ar dhá shampla. Ní mór raon agus beogacht a phlé. Dealramh as 13, 12.**
D'fhéadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh i measc na gcáilíochtaí iontacha: fíor-réalachas sa léiriú ar aghaidheanna daoine, gné a chuireann carachtar in iúl; tá léirithe, mothúcháin chaidreamhacha agus beogacht le sonrú; réimse fairsing carachtar, lena n-áirítear mná, idir óg agus shean, Rómhánach agus eachtrannach; scil i rindreáil éadaitheoireachta, craicinn, línte/roic ar aghaidheanna agus gruaig, comhrianta sna cluasa.

**(iii) (a)5 mharc**
Is é an saothar múrealaíne ná Gairdín Livia (as Prima Porta.)

**(b)15 mharc. 10 marc as péinteáil a dhéanamh go tapa ar phlástar fliuch.**
Déantar balla a phlástráil agus cuirtear an dath leis fad a bhíonn an plástar fós fliuch. Plástráladh ballaí iomlána an dóigh seo. Péinteáladh freascónna go díreach ar bhallaí agus ar phainéil iniompartha freisin. Roinneadh ballaí ina bpainéil freisin le haghaidh cuspóirí aeistéitiúla is dócha, agus le haghaidh na praiticiúlachta chomh maith toisc gur ghá an phéint a chur leo go han-tapa. Ullmhaíodh balla trí 1-3 bhrat mhoirtéil a chur leis (aol agus gaineamh). Ina dhiaidh sin, cuireadh 1-3 bhrat aoil a meascadh le marmar mínphúdrach air. Cuireadh dathlíocha leis an mballa nuair a bhí an balla fós fliuch. Corruair, cuireadh *tempera* agus céir leachta leis tar éis don bhalla triomú.
Níorbh fhéidir ach scuabobair éadrom bhreac a chur lena leithéid de dhromchla bog. Chuir sé seo bac le snoiteacht na mionsonraí. Dá bhrí sin, ba ghnách go raibh na freascónna ar aon dul le stíl impriseanaíoch.

**(c)30 marc. Trí chúis fhorbartha faoin bhfáth a n-aontaíonn/nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas, mar aon le tagairt dhíreach don phéintéireacht. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do phictiúir eile freisin. 10, 10, 10.**
Grá don tírdhreach, go háirithe gairdíní mar aon le haird mhór ar mhionsonraí an dúlra; úire an léirithe ar an iliomad duilleog, scothóg, torthaí agus bláthanna; éin sna toir/crainn. Mian a bhfuil amuigh a thabhairt isteach mar chineál chleas súile chun mothú doimhneachta a chruthú (an balla tógtha timpeall an chrainn); grá do dhathanna fíneálta (glas agus gorm éagtha); gléastacht agus grásta agus breathnóireacht ghéar ar an dúlra ag an ealaíontóir; roinnt phlána na péintéireachta ina thrí limistéar shainiúla (sconsa an ghairdín, duilliúr agus an tírdhreach sa chúlra).
Féadfaidh iarrthóir easaontú leis an ráiteas seo agus pictiú(i)r eile a roghnú chun bunús a thabhairt lena (h)argóint.
Tar éis mionstaidéar a dhéanamh ar an ábhar, cruthaíodh go dtugtar léiriú cruinn ar na speicis phlanda agus éin uile, ach go bhfuil na ceithre shéasúr léirithe le chéile. Mar sin de, is pictiúr é seo atá fíor agus neamhfhéideartha araon – domhan na fantaisíochta arna spreagadh ag an saol.